Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 20 Deireadh Fómhair 2020
(OR. fr)

11263/20

Comhad Idirinstitiúideach:
2020/0273 (NLE)

PECHE 272

GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

Ábhar:	CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Máratáine maidir le síneadh a chur leis an bPrótacal lena leagtar amach na deiseanna iascaireachta agus an ranníocaíocht airgeadais dá bhforáiltear sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Máratáine, arb é dáta a dhul in éag an 15 Samhain 2020

CINNEADH (AE) 2020/… ÓN gCOMHAIRLE

an…

maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Máratáine maidir le síneadh a chur leis an bPrótacal lena leagtar amach na deiseanna iascaireachta agus an ranníocaíocht airgeadais dá bhforáiltear sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Máratáine, arb é dáta a dhul in éag an 15 Samhain 2020

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43 de, i gcomhar le hAirteagal 218, mír 5 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig an Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Máratáine[1] ("Comhaontúi bhfoirm Malartú Litreacha"), arna fhormheas le Rialachán (CE) Uimh. 1801/2006 ón gComhairle[2], i bhfeidhm an 8 Lúnasa 2008.

(2) An Prótacal a ghabhann leis an gcomhaontú lena leagtar amach na deiseanna iascaireachta agus an ranníocaíocht airgeadais, a tháinig i bhfeidhm an lá céanna agus a bhí le bheith i bhfeidhm ar feadh dhá bhliain, rinneadh é a ionadú roinnt uaireanta.

(3) An 8 Iúil 2019 d'údaraigh an Chomhairle an Coimisiún le tosú ar chaibidlíocht le Poblacht Ioslamach na Máratáine ("an Mháratáin") chun comhaontú comhpháirtíochta nua a thabhairt i gcrích in earnáil na hiascaireachta inbhuanaithe agus Prótacal lena gcuirfí an comhaontú sin chun feidhme a thabhairt i gcrích.

(4) Ionas nach mbeadh na gníomhaíochtaí iascaireachta ar fionraí ar feadh i bhfad, d'údaraigh an Chomhairle an Coimisiún freisin le síneadh a chaibidliú ar feadh tréimhse uasta aon bhliain amháin ar an bPrótacal a ghabhann leis an gComhaontú atá i bhfeidhm[3] a bhí le dul in éag an 15 Samhain 2019 ("Prótacal"). Ar an 8 Samhain 2019, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2019/1918[4] maidir leis an síneadh sin.

---

1 IO L 343, 8.12.2006,lch. 4.

2 Rialachán (CE) Uimh. 1801/2006 ón gComhairle an 30 Samhain 2006 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Máratáine (IO L 343, 8.12.2006, lch. 1).

3 Prótacal lena leagtar síos na deiseanna iascaireachta agus an ranníocaíocht airgeadais dá bhforáiltear sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Máratáine ar feadh tréimhse ceithre bliana (IO L 315, 1.12.2015, lch. 3).

4 Cinneadh (AE) 2019/1918 ón gComhairle an 8 Samhain 2019 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe i bhfoirm Malartú Litreacha idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Máratáine maidir le síneadh a chur leis an bPrótacal lena leagtar amach na deiseanna iascaireachta agus an ranníocaíocht airgeadais dá bhforáiltear sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Máratáine, arb é dáta a dhul in éag an 15 Samhain 2019 (IO L 297 I, 18.11.2019, lch.1).

(5) Idir Meán Fómhair 2019 agus Feabhra 2020, bhí ceithre bhabhta caibidlíochta ann leis an Máratáin d'fhonn comhaontú agus Prótacal nua a thabhairt i gcrích. Ní raibh rath ar na caibidlíochtaí sin.

(6) I bhfianaise na ndálaí sláinte atá ann faoi láthair de dheasca phaindéim COVID-19, is léir nach ndéanfar an chaibidlíocht maidir leis an gcomhaontú nua agus leis an bPrótacal nua a thabhairt i gcrích in am agus dá bhrí sin nach bhféadfaí briseadh ar ghníomhaíochtaí iascaireachta a sheachaint, d’ainneoin an chéad sínte leis an bPrótacal. Sa chomhthéacs sin, d’údaraigh an Chomhairle an Coimisiún an 26 Meitheamh 2020 síneadh bliana amháin ar a mhéad ar an bPrótacal a chaibidliú.

(7) Agus an chaibidlíocht maidir leis an gcomhaontú nua agus leis an bPrótacal nua a thabhairt i gcrích le críochnú, chaibidligh an Coimisiún, thar ceann an Aontais, Comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha maidir leis an dara síneadh bliana amháin ar a mhéad ar an bPrótacal lena leagtar amach na deiseanna iascaireachta agus an ranníocaíocht airgeadais dá bhforáiltear sa chomhaontú ("Comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha"). Ag deireadh na caibidlíochta sin, cuireadh inisealacha leis an gComhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha an 7 Iúil 2020.

(8) Is é is cuspóir don Chomhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha a chur ar chumas an Aontais agus na Máratáine leanúint de bheith ag obair go dlúth le chéile chun beartas iascaigh inbhuanaithe a chur chun cinn agus acmhainní iascaigh in uiscí na Máratáine a shaothrú ar bhealach fónta, agus ligean do shoithí de chuid an Aontais a ngníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanamh sna huiscí sin.

(9) Chun a áirithiú go rachaidh gníomhaíochtaí iascaireachta shoithí an Aontais atá ag oibriú in uiscí na Máratáine ar aghaidh gan bhriseadh, is iomchuí an Comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha a chur i bhfeidhm go sealadach ón 16 Samhain 2020 amach nó ó dháta shíniú an Mhalartaithe Litreacha sin amach má shínítear dá éis sin é, i gcomhréir le pointe 6 ann.

(10) Ba cheart an Comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha a shíniú agus a chur i bhfeidhm ar bhonn sealadach, go dtí go gcomhlánófar na nósanna imeachta is gá chun go dtiocfaidh sé i bhfeidhm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, údaraítear an Comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Máratáine maidir le síneadh a chur leis an bPrótacal lena leagtar amach na deiseanna iascaireachta agus an ranníocaíocht airgeadais dá bhforáiltear sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach agus Poblacht Ioslamach na Máratáine, arb é dáta a dhul in éag an 15 Samhain 2020, i bhfoirm Malartú Litreacha, a shíniú thar ceann an Aontais, faoi réir an comhaontú sin a thabhairt i gcrích[1+].

Airteagal 2

Leis seo, údaraítear d'Uachtarán na Comhairle an duine (na daoine) a ainmniú a mbeidh sé de chumhacht aige/acu an Comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha a shíniú, thar ceann an Aontais.

Airteagal 3

Cuirfear an Comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha i bhfeidhm ar bhonn sealadach ón 16 Samhain 2020 amach nó ó dháta shíniú an Mhalartaithe Litreacha sin amach má shínítear dá éis sin é[2], go dtí go gcomhlánófar na nósanna imeachta is gá chun go dtiocfaidh sé i bhfeidhm.

---

[1] Foilsíodh téacs an Chomhaontaithe i bhfoirm Malartú Litreacha in IO …

[+.] [+] IO: Comhlánaigh, le do thoil, tagairtí foilseacháin an Chomhaontaithe i bhfoirm Malartú Litreacha san fhonóta thuas.

[2] Déanfaidh Ardrúnaíocht na Comhairle dáta chur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe i bhfoirm Malartú Litreacha a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar lá a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa… , an…

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán